AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2024
COM(2024) 266 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

ar chur i bhfeidhm in 2023 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 2
2. Faisnéis agus doiciméid a chur ar fáil trí chláir agus shuíomhanna gréasáin 3
3. Anailís ar na hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid 4
3.1. An líon iarratas (Iarscríbhinn – Táblaí 3 agus 4) 4
3.2. Na hiarratais a fuarthas in aghaidh na hArd-Stiúrthóireachta nó na Seirbhíse (Iarscríbhinn — Tábla 5) 5
4. Eisceachtaí a chur i bhfeidhm maidir leis an gceart rochtana 7
4.1. An leibhéal rochtana a dheonaítear ar na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn — Táblaí 8 agus 9) 7
4.2. Na heisceachtaí a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn — Tábla 10) 8
5. Gearáin a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh 9
6. Cásdlí nua maidir le rochtain ar dhoiciméid 9
6.1. An Chúirt Bhreithiúnais 9
6.1.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha 9
6.2. An Chúirt Ghinearálta 10
6.2.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha 11
6.2.2. Soiléirithe ar rialacha nós imeachta 11
6.3. Cásanna Cúirte nua a tugadh in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh in 2023 11

1. RÉAMHRÁ

Dréachtaítear an tuarascáil bhliantúil seo i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[1] maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (dá ngairtear 'Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001' anseo feasta). Cumhdaítear léi cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ag an gCoimisiún Eorpach in 2023 agus tá sí bunaithe ar shonraí staidrimh[2] a bhfuil achoimre orthu san Iarscríbhinn. Tagraítear inti freisin do thorthaí an Ombudsman Eorpaigh maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ag an gCoimisiún Eorpach agus na rialuithe a thug Cúirteanna an Aontais Eorpaigh.

Is iad an trédhearcacht, an tsláine agus an chuntasacht réamhriachtanais fhíor-riachtanacha an daonlathais atá bunaithe ar an smacht reachta. Is príomhphrionsabail iad chun dea-rialachas a chur chun cinn agus muinín a chothú sa phróiseas ceaptha beartais, agus ar an gcaoi sin dlisteanacht agus inchreidteacht na n-institiúidí poiblí a fheabhsú. Is bunchloch de ghealltanas an Choimisiúin Eorpaigh maidir le trédhearcacht é éifeachtacht cheart rochtana na saoránach ar dhoiciméid atá i seilbh na n-institiúidí a chosaint[3]. Leis na sonraí maidir le doiciméid a nochtadh go hiomlán nó i bpáirt, sonraí a mhionsonraítear a thuilleadh i gCaibidil 4, deimhnítear tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh don cheart rochtana ar dhoiciméid mar chuid dá bheartas trédhearcachta foriomlán.

Sa Choimisiún Eorpach, is ar bhonn díláraithe a láimhseálann Ard-Stiúrthóireachtaí agus seirbhísí éagsúla an Choimisiúin an chaoi a ndéileáiltear le hiarratais tosaigh ar rochtain ar dhoiciméid. In 2023, shroich líon na n-iarratas tosaigh 7 274; a mhéid a bhaineann le hiarratais dearbhúcháin, shroich líon na n-iarratas sin 599. Maidir le hiarratais dearbhúcháin, i gás ina n-iarann iarratasóirí athbhreithniú ar fhreagraí tosaigh ina ndiúltaítear rochtain go hiomlán nó i bpáirt, is é Aonad na hArdrúnaíochta um '*Thrédhearcacht, Bainistiú Doiciméad agus Rochtain ar Dhoiciméid*' a dhéileálann leo chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú neamhspleách ar na freagraí a tugadh ag an gcéim thosaigh.

Déanann an tAonad sin bainistiú freisin ar an gcóras inmheánach TF ar fud an Choimisiúin Eorpaigh ' Rochtain Leictreonach ar Dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh' (nó 'EASE'). Sheol an Coimisiún EASE i mí Mheán Fómhair 2022. Tá dhá chuid ann:

(1). tairseach nua ar líne[4] lenar féidir le saoránaigh – i measc feidhmiúlachtaí eile – níos mó a fhoghlaim faoi rochtain ar dhoiciméid, iarratais tosaigh agus iarratais dearbhúcháin a chur isteach, treoraíocht a fháil, cásanna leanúnacha agus cásanna roimhe seo a leanúint, a gcuid sonraí pearsanta a bhainistiú, cumarsáid a dhéanamh

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

[2] Slánaítear na céatadáin go dtí an t-ionad deachúlach is gaire. Léirítear sa staidreamh *inter alia,* an líon iarratas a fuarthas agus na freagraí a tugadh in 2023. Soláthraítear leo sonraí níos cruinne i gcomparáid le blianta roimhe seo, tar éis ceartúchán ionchódaithe tráthrialta ina dhiaidh sin. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh difríocht bheag a bheith idir na figiúirí a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo agus na figiúirí a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha roimhe seo.

[3] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy_ga

[4] https://ec.europa.eu/transparency/documents-request/home

leis an gCoimisiún, an freagra a fháil go leictreonach, doiciméid a nochtar d'iarratasóirí eile a chuardach, agus;

(2). córas nua bainistithe cásanna a ligeann d'fhoireann an Choimisiúin na hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a chlárú, a shannadh agus a láimhseáil.

Cuireadh EASE in ionad an tseanchórais GestDem agus tá gnóthachain éifeachtúlachta ag baint leis agus cuireann sé leis an bpróiseas foriomlán a bhaineann le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid de chuid an Choimisiúin a chur isteach agus a láimhseáil ar bhealach níos uathoibríche, níos soiléire agus níos trédhearcaí, do shaoránaigh agus don Choimisiún araon.

Tacaíonn an tSeirbhís um Chartlann Stairiúil le ranna an Choimisiúin i gcásanna ina mbíonn iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le cartlanna Coimisinéirí roimhe seo agus a nAireachtaí. In 2023, chuir an tSeirbhís um Chartlann Stairiúil cúnamh ar fáil i 213 chás,[5] don Ardrúnaíocht (42), d'Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (19), don tSeirbhís Dlí (12), agus d'Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (12), d'Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna agus (10), agus d'Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (10) den chuid is mó.

2. FAISNÉIS AGUS DOICIMÉID A CHUR AR FÁIL TRÍ CHLÁIR AGUS SHUÍOMHANNA GRÉASÁIN

Foilsíonn an Coimisiún réimse leathan doiciméad dlíthiúil, beartais, riaracháin agus eile go réamhghníomhach ar shuíomhanna gréasáin agus ar chláir dhifriúla[6]. Tá go leor doiciméad den sórt sin ar fáil ar Chlár dhoiciméid an Choimisiúin (RegDoc), ar Chlár na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme agus ar chláir chorparáideacha eile atá á mbainistiú ag an Ardrúnaíocht, agus tá cuid eile acu ar fáil ar shuíomhanna gréasáin atá á mbainistiú ag Ard-Stiúrthóireachtaí nó EUR-Lex[7].

In 2023, cuireadh 11,501 doiciméad nua le RegDoc (féach Iarscríbhinn — Tábla 1), a thagann faoi na catagóirí seo a leanas: C, COM, JOIN, OJ, P, PV, SEC nó SWD[8].

In 2023, shroich líon na n-amharc ar leathanaigh 7 613 i gcás an tsuímh gréasáin nua 'Rochtain ar Dhoiciméid' ar *Europa*[9], agus 6 142 i gcás na tairsí poiblí nua 'EASE'[10] (féach Iarscríbhinn — Tábla 2).

---

[5] I gcomparáid le 145 in 2022.

[6] Tá liosta na bhfoinsí ar fáil e.g. trí https://commission.europa.eu/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/access-documents/how-access-commission-documents_ga.

[7] https://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=ga

[8] Is é sin, C: Gníomhartha uathrialacha an Choimisiúin; COM: Tograí reachtacha ón gCoimisiún agus doiciméid eile a chuirtear in iúl d'institiúidí eile, mar aon lena bpáipéir ullmhúcháin; JOIN: Gníomhartha Comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí; OJ: Cláir oibre chruinnithe an Choimisiúin; P: Cinntí ó Uachtarán an Choimisiúin; PV: Miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin; SEC: Doiciméid de chuid an Choimisiúin nach féidir a aicmiú in aon cheann de na sraitheanna eile; SWD: Doiciméid inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin.

[9] https://commission.europa.eu/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/access-documents/how-access-commission-documents_ga

3. ANAILÍS AR NA HIARRATAIS AR ROCHTAIN AR DHOICIMÉID

3.1. An líon iarratas [11] (Iarscríbhinn – Táblaí 3 agus 4)

Mar a léirítear leis an ngraf thíos, in 2023, shroich líon na n-iarratas tosaigh 7 274. Thug an Coimisiún Eorpach 6 469 bhfreagra faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 7 737 bhfreagra san iomlán[12].



Maidir le hiarratais dearbhúcháin shroich líon na n-iarratas sin 599 in 2023, rud a léiríonn méadú suntasach de níos mó ná 43 % i gcomparáid le 2022. Thug an Coimisiún Eorpach 366 fhreagra faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 393 fhreagra san iomlán.

[10] https://ec.europa.eu/transparency/documents-request/home

[11] Soláthraítear staidreamh maidir le próifíl shóisialta agus próifíl ghairme agus maidir le tionscnamh geografach na n-iarratasóirí i dtáblaí 6 agus 7 den Iarscríbhinn.

[12] D'fhéadfadh iarraidh amháin a bheith bainteach le roinnt doiciméad atá i seilbh ranna éagsúla de chuid an Choimisiúin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh roinnt freagraí éagsúla teacht aisti. Ar an taobh eile, is féidir roinnt iarrataí a ghrúpáil le chéile i gcásanna áirithe agus gan ach freagra amháin teacht astu. Cuimsíonn an líon freagraí gach cineál oibre leantaí a chuir an Coimisiún Eorpach ar fáil, a shíneann ó fhreagraí a cuireadh ar fáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 (lena n-áirítear i gcás nach sealbhaítear aon doiciméad) go dtí freagraí a cuireadh ar fáil faoi chreataí dlíthiúla éagsúla (mar gheall ar ábhar an iarratais nó stádas an iarratasóra, etc.) nó fiú iarratais a dúnadh tar éis mhainneachtain na n-iarratasóirí soiléirithe a iarradh a sholáthar nó ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh.



3.2. Na hiarratais a fuarthas in aghaidh na hArd-Stiúrthóireachta nó na Seirbhíse (Iarscríbhinn — Tábla 5)[13]

In 2023, fuair an Ardrúnaíocht an cion is airde d'iarratais tosaigh (10 %). Ina dhiaidh sin bhí an Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (7,7 %), an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (7,4 %), an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (7,2 %), agus an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (5,7 %). Bhí níos lú ná 5 % de na hiarratais tosaigh uile ag gach ceann de na ranna eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

[13] Na sonraí a bhaineann leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') a léirítear thíos, baineann siad go heisiach le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann lena gníomhaíochtaí riaracháin. Maidir le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann lena ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha, i ngeall ar íogaireacht ar leith na ngníomhaíochtaí sin, tá siad faoi réir nós imeachta sonrach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) agus Airteagal 4 de na rialacha Mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Ó bunaíodh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), níl ach doiciméid de chuid na Seirbhíse um Ionstraimí Beartais Eachtraigh (FPI) i seilbh an Choimisiúin Eorpaigh. Ina theannta sin, cuimsíonn an staidreamh a bhaineann le FPI roinnt de na hiarratais tosaigh a fuair an tSaoráid Eorpach Síochána. Is ionstraim sheachbhuiséid í an tSaoráid Eorpach Síochána a chuireann le cumas an Aontais gníomhú mar sholáthraí slándála domhanda. De bhun Chinneadh C (2021) 2011 ón gCoimisiún, ghlac an Coimisiún Eorpach le róil riarthóra, oifigigh cuntasaíochta agus iniúchóra inmheánaigh le haghaidh bearta cúnaimh de chuid na Saoráide Eorpaí Síochána a chur chun feidhme. Cuireadh 15 iarratas tosaigh den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin ina ról mar riarthóir um bearta cúnaimh in 2023. Glacann Coiste na Saoráide um an tSaoráid Eorpach Síochána freagraí dearbhúcháin. Dá bhrí sin, ní bhaineann an tuarascáil seo le dhá fhreagra dearbhúcháin a chuir an tSaoráid Eorpach Síochána ar fáil ag an gcéim dhearbhúcháin.



In 2023, chuir an Ardrúnaíocht an cion is airde d'iarratais dearbhúcháin isteach i ndáil le cásanna a láimhseáil an Ardrúnaíocht ag an gcéim thosaigh (12,5 %) Ina dhiaidh sin bhí an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (10,7 %), an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (8,2 %), Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (6,7 %), Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (5,7 %), agus Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (55 %). Bhí níos lú ná 5 % de na hiarratais dearbhúcháin uile ag gach ceann de na ranna eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.



4. EISCEACHTAÍ A CHUR I BHFEIDHM MAIDIR LEIS AN GCEART ROCHTANA[14]

Tá an ceart rochtana dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 faoi réir roinnt eisceachtaí sonracha, a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán. Ní mór údar a bheith le haon diúltú, bíodh sé iomlán nó páirteach, faoi cheann amháin ar a laghad de na heisceachtaí sin.

4.1. An leibhéal rochtana a dheonaítear ar na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn — Táblaí 8 agus 9)





[14] D'fhéadfadh sé go mbainfeadh iarratais aonair le roinnt doiciméad nó le comhaid iomlána a bhaineann le hábhar ar leith nó le nós imeachta ar leith. Níor léirigh an staidreamh sna tuarascálacha bliantúla roimhe seo, a baineadh as córas GestDem díchoimisiúnaithe, an líon doiciméad a iarradh. A bhuí leis an dearadh maidir le EASE, léiríonn na figiúirí i gcaibidil 4 den tuarascáil seo na doiciméid a iarradh i gcásanna a láimhseáladh in EASE agus a dúnadh in 2023. Thairis sin, ó cuireadh EASE ar fáil i mí Mheán Fómhair 2022, lean an Coimisiún Eorpach den chóras TF nua seo a fhorbairt agus a fheabhsú. Mar thoradh ar an idirthréimhse sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag ranna an Choimisiúin na doiciméid lena mbaineann a uaslódáil de bharr fadhbanna teicniúla nó de bharr oiriúnú don chóras nua.

4.2. Na heisceachtaí a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na doiciméid a iarradh[15] (Iarscríbhinn — Tábla 10)





[15] Bunaithe ar Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

5. GEARÁIN A CUIREADH FAOI BHRÁID AN OMBUDSMAN EORPAIGH

In 2023, d'oscail an tOmbudsman Eorpach 96 fhiosrúchán nua i gcásanna a bhain leis an gCoimisiún Eorpach ina raibh rochtain ar dhoiciméid ar an bpríomhchuid nó ar fhochuid den ghearán, agus dhún sé 78 ngearán[16]. D'aimsigh an tOmbudsman Eorpach cásanna drochriaracháin i 13 chás, agus baineann 12 cheann acu le torthaí drochriaracháin in 2023[17]. Dúnadh na 65 chás eile gan aon ráiteas ná moladh maidir le feabhsú.

6. CÁSDLÍ NUA MAIDIR LE ROCHTAIN AR DHOICIMÉID

6.1. An Chúirt Bhreithiúnais

In 2023, thug an Chúirt Bhreithiúnais ceithre bhreithiúnas[18] ar achomharc maidir leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 i gcás ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí.

Dhiúltaigh sí an t-achomharc i dtrí chás[19]. I gcás amháin, chuir sí breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar ceal go páirteach, dhiúltaigh sí an t-achomharc maidir leis an gcuid eile agus tharchuir sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh rialú[20].

6.1.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha

In 2023, bhain na soiléirithe substainteacha a d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais go bunúsach le cur i bhfeidhm na n-eisceachtaí a bhaineann le cosaint comhairle dlí[21] agus le cur i bhfeidhm an phróisis cinnteoireachta[22]. Ina theannta sin, tugadh soiléirithe breise ar choincheap an leasa phoiblí sháraithigh[23].

---

[16] Baineann an staidreamh le cásanna an Ombudsman Eorpaigh maidir le gach roinn de chuid an Choimisiúin Eorpaigh seachas an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

[17] Cásanna 6/2021 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/60425); 2/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/60766); 1129/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/61897); 1203/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/61954); 1378/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/62144); 1731/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/62502); 2000/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/62765); 1933/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/62702); 2206/2022 agus 2208/2022 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/62978); 1053/2023 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/64113); agus 1945/2023 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/65012).

[18] Breithiúnais an 7 Meán Fómhair 2023, *Patrick Breyer* v *an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde*, C-135/22 P, EU:C:2023:640; an 8 Meitheamh 2023, *Comhairle an Aontais Eorpaigh* v *Laurent Pech*, C-408/21 P, EU:C:2023:461; an 9 Samhain 2023, *XC* v *an Coimisiún Eorpach*, C-527/21 P, EU:C:2023:850; an 27 Aibreán 2023, *Aeris Invest Sàrl* v *an Banc Ceannais Eorpach*, C-782/21 P, EU:C:2023:345.

[19] Breithiúnais in *Patrick Breyer* v *An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde* , C-135/22 P, *op.cit.*; *Comhairle an Aontais Eorpaigh* v *Laurent Pech*, C-408/21 P, *op.cit.; Aeris Invest Sàrl* v *an Banc Ceannais Eorpach* C-782/21 P, *op.cit*.

[20] Breithiúnas in *XC* v *an Coimisiún Eorpach* C-527/21 P, *op.cit*.

[21] Breithiúnas in *Comhairle an Aontais Eorpaigh* v *Laurent Pech*, C-408/21 P, *op.cit*. Míreanna 35-39, 55-56. 61, 64-64, 70-73.

[22] Breithiúnas in *Comhairle an Aontais Eorpaigh* v *Laurent Pech*, C-408/21 P, *op.cit*. Míreanna 86, 88, 91.

[23] Breithiúnais in *Patrick Breyer* v *an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde*, C-135/22 P, *op.cit*. Míreanna 94-95, 105-106; *Aeris Invest Sàrl* v *an Banc Ceannais Eorpach* C-782/21 P, *op.cit*. Míreanna 37-42, 48.

6.2. An Chúirt Ghinearálta

In 2023, thug an Chúirt Ghinearálta 14 bhreithiúnas nó ordú in imeachtaí a raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí iontu i ndáil le cinntí a bhain leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[24], i gcomparáid le 26 bhreithiúnas nó ordú in 2022

Rinneadh an chaingean le haghaidh neamhniú a dhíbhe i 5 chás[25]. In dhá chás, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don iarratas ar chead idirghabhála a chuir tríú páirtithe isteach[26]. In dhá chás, d'ordaigh sí an cás a bhaint de Chlár na Cúirte Ginearálta tar éis iarrataí na n-iarratasóirí scor d'imeachtaí[27]. I gcás amháin, dhiúltaigh sí an chaingean i bpáirt mar gheall ar easpa fhollasach inniúlachta ann (sa mhéid is gur iarr sí ar an gCúirt Ghinearálta ordú a thabhairt don Choimisiún rochtain a thabhairt ar na doiciméid a iarradh), agus i bpáirt toisc í a bheith neamh-inghlactha go follasach (sa mhéid is gur dhírigh sí ar chinneadh tosaigh), agus chinn sí nach raibh aon ghá a thuilleadh le breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar chead idirghabhála a chuir tríú páirtithe isteach[28]. I gcás amháin, dhiúltaigh sí don iarratas ar bhearta eatramhacha[29].

In dhá chás, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise ar neamhní agus rinne sí an chaingean maidir leis an gcuid eile a dhíbhe[30]. I gcás amháin, dhearbhaigh sí nach raibh aon ghá a thuilleadh le breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar an gcinneadh intuigthe lena ndiúltaítear rochtain a neamhniú, chuir sí cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar neamhní sa mhéid is gur dhiúltaigh sí rochtain ar vótaí aonair ionadaithe na mBallstát ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus dhiúltaigh sí an chaingean maidir leis an gcuid eile[31].

---

[24] Orduithe an 5 Deireadh Fómhair 2023, *Matina Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún Eorpach*, T-36/23, EU:T:2023:608; an 5 Deireadh Fómhair 2023, *Matina Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún Eorpach*, T-36/23, EU:T:2023:609; an 8 Meán Fómhair 2023, *MBDA France* v *an Coimisiún Eorpach*, T-154/23; an 28 Samhain 2023, *Roberto Acampora agus páirtithe eile* v *an Coimisiún Eorpach*, T-423/23, EU:T:2023:770; an 28 Márta 2023, *Paola Primicerj* v *an Coimisiún Eorpach*, T-612/22; an 15 Nollaig 2023, *Shopper Union France agus Xavier Azalbert* v *an Coimisiún Eorpach*, T-1071/23 R, EU:T:2023:806; agus breithiúnais an 15 Feabhra 2023, *Asesores Comunitarios, SL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-77/22, EU:T:2023:69; an 14 Meitheamh 2023, *Roberto Acampora agus páirtithe eile* v *an Coimisiún Eorpach*, T-201/21, EU:T:2023:333; an 1 Feabhra 2023, *ClientEarth AISBL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-354/21, EU:T:2023:34; an 12 Iúil 2023, *Eurecna SpA* v *an Coimisiún Eorpach*, T-377/21, EU:T:2023:398; an 12 Iúil 2023, *Michele Vendrame* v *an Coimisiún Eorpach*, T-379/21, EU:T:2023:399; an 15 Márta 2023, *Giorgio Basaglia* v *an Coimisiún Eorpach*, T-597/21, EU:T:2023:133; an 6 Meán Fómhair 2023, *Foodwatch eV* v *an Coimisiún Eorpach* T-643/21, EU:T:2023:519; an 26 Iúil 2023, *Troy Chemical Company BV* v *an Coimisiúin Eorpach*, T-662/21, EU:T:2023:442.

[25] Breithiúnais in *Asesores Comunitarios, SL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-77/22, *op.cit.*; *ClientEarth AISBL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-354/21, *op.cit.; Giorgio Basaglia* v *an Coimisiún Eorpach*, T-597/21, *op.cit.; Foodwatch eV* v *an Coimisiún Eorpach*, T-643/21; *op cit.; Troy Chemical Company BV* v *an Coimisiún Eorpach*, T-662/21; *op cit.;*

[26] Orduithe in *Matina Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún Eorpach*, T-36/23, EU:T:2023:608; *op cit.; Matina Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún Eorpach*, T-36/23, EU:T:2023:609; *op.cit.*

[27] Orduithe in *MBDA France* v *an Coimisiún Eorpach*, T-154/23, *op.cit.*; *Roberto Acampora agus páirtithe eile* v *an Coimisiún Eorpach*, T-423/23, *op.cit.*

[28] Ordú in *Paola Primicerj* v *an Coimisiún Eorpach*, T-612/22, *op.cit.*

[29] Ordú in *Shopper Union France agus Xavier Azalbert* v *an Coimisiún Eorpach*, T-1071/23 R, *op.cit*.

[30] Breithiúnais in *Eurecna SpA* v *an Coimisún Eorpach*, T-377/21, *op.cit.*; *Michele Vendrame* v *an Coimisiún Eorpach*, T-379/21, *op.cit*.

[31] Breithiúnas in *Covington & Burling LLP agus Bart Van Vooren* v *an Coimisiún Eorpach*, T-201/21, *op.cit*.

6.2.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha

In 2023, bhain na soiléirithe substainteacha a d'eisigh an Chúirt Ghinearálta go bunúsach le cur i bhfeidhm na n-eisceachtaí a bhaineann le caidreamh idirnáisiúnta[32], an beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch[33], imeachtaí cúirte[34] agus an próiseas cinnteoireachta a chosaint[35]. Thairis sin, thug an Chúirt Ghinearálta soiléirithe breise ar choincheap an leasa phoiblí sháraithigh[36] agus ar choincheap thoimhde ghinearálta na rúndachta[37].

6.2.2. Soiléirithe ar rialacha nós imeachta

Na príomh-shaincheisteanna nós imeachta ar thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh orthu in 2023, bhain siad leis na hoibleagáidí maidir le doiciméid a choinneáil[38] agus le coincheap an réitigh chóir[39].

6.3. Cásanna Cúirte nua a tugadh in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh in 2023

In 2023, tugadh 19 gcás a raibh an Coimisiún Eorpach páirteach iontu os comhair Chúirteanna an Aontais maidir le cinntí a bhain leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, i gcomparáid le 11 cheann in 2022.

Baineann 15 cheann díobh le gníomhaíochtaí a tugadh isteach os comhair na Cúirte Ginearálta[40], ar dúnadh trí cinn acu cheana féin in 2023 leis na horduithe thuasluaite[41].

Ag an am céanna, tugadh ceithre achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne breithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta i gcásanna ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí[42].

---

[32] Breithiúnas in *Foodwatch eV* v *an Coimisiún Eorpach*, T-643/21, *op.cit.* Míreanna 57-59, 65-67, 105-111, 113-116.

[33] Breithiúnas in *Asesores Comunitarios, SL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-77/22, *op.cit.* Míreanna 57-66.

[34] Breithiúnas in *Troy Chemical Company BV* v *an Coimisiún Eorpach*, T-662/21, *op.cit*. Míreanna 57-59, 64-69, 78.

[35] Breithiúnas in *Covington & Burling LLP agus Bart Van Vooren* v *an Coimisiún Eorpach*, T-201/21, *op.cit*. Míreanna 59, 63-68, 71-73.

[36] Breithiúnas in *ClientEarth AISBL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-354/21, op.cit. Míreanna 93-94.

[37] Breithiúnas in *Troy Chemical Company AISBL* v *an Coimisiún Eorpach*, T-662/21, *op.cit*. Míreanna 44-46, 64-68, 73-75.

[38] Breithiúnas in *Giorgio Basaglia* v *an Coimisiún Eorpach*, T-597/21, *op.cit.* Míreanna 30-35.

[39] Breithiúnas in *Giorgio Basaglia* v *an Coimisiún Eorpach*, T-597/21, *op.cit.* Míreanna 59, 69-72, 79, 85, 90-97, 112.

[40] Cásanna *Matina Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún Eorpach*, T-36/23, *op.cit*.; *PAN Europe* v *an Coimisiún Eorpach*, T-104/23; *Rems Kargins* v *an Coimisiún Eorpach*, T-110/23; *eClear AG* v *an Coimisiún Eorpach*, T-127/23; *MBDA France* v *an Coimisiún Eorpach*, T-154/23, *op.cit.; Roberto Acampora agus páirtithe eile* v *an Coimisiún Eorpach*, T-261/23; *British American Tobacco Polska Trading sp. z o.o.* v *an Coimisiún Eorpach* -T-311/23; *Roberto Acampora agus páirtithe eile* v *an Coimisiún Eorpach*, T-423/23, *op.cit*.; *YZ* v *an Coimisiún Eorpach*, T-537/23, AJ; *Mylan Ireland Ltd* v *an Coimisiún Eorpach*, T-585/23; *Sara Soares* v *an Coimisiún Eorpach*, T-606/23; *Shopper Union France agus Xavier Azalbert* v *an Coimisiún Eorpach*, T-1071/23; *Shopper Union France agus Xavier Azalbert* v *an Coimisiún Eorpach*, T-1071/23 R, *op.cit*.; *Smart Kid S.A.* v *an Coimisiún Eorpach*, T-1130/23; *Huhtamaki Holding Sàrl* v *an Coimisiún Eorpach* T-1145/23.

[41] Cásanna *MBDA France* v *an Coimisiún Eorpach*, T-154/23, *op.cit*.; *Roberto Acampora agus páirtithe eile* v *an Coimisiún Eorpach*, T-423/23, *op.cit*.; *Shopper Union France agus Xavier Azalbert* v *an Coimisiún Eorpach*, T-1071/23 R, *op.cit.*

[42] Cásanna *Validity Foundation - Mental Disability Advocacy Centre* v *an Coimisiún Eorpach*, C-51/23 P; *ClientEarth AISBL* v *an Coimisiún Eorpach*, C-249/23 P; *An Coimisiún Eorpach* v *Covington & Burling, Bart Van Vooren*, C-540/23 P; *BonSens.org* v *Stevi agus páirtithe eile*, C-634/23 P(I).